CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/85 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Eanáir 2021

maidir leis an gcoibhéis idir ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus creat rialála Stáit Aontaithe Mheiriceá i ndáil le contrapháirtithe lárnacha a dhéanann an *U.S. Securities and Exchange Commission* a údarú agus a mhaoirsiú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ([1]), agus go háirithe Airteagal 25(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An nós imeachta maidir le haitheantas a thabhairt do chontrapháirtithe lárnacha ("CPLanna") atá bunaithe i dtríú tíortha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, is é is aidhm dó a cheadú do CPLanna atá bunaithe agus údaraithe i dtríú tíortha a bhfuil a gcaighdeáin rialála coibhéiseach leo sin a leagtar síos sa Rialachán sin, a cheadú dóibh seirbhísí imréitigh a sholáthar do chomhaltaí imréitigh nó d'ionaid trádála atá bunaithe san Aontas. Dá bhrí sin, leis an nós imeachta sin maidir le haitheantas a thabhairt agus leis na cinntí coibhéise dá bhforáiltear ann, rannchuidítear le haidhm uileghabhálach Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a bhaint amach, mar atá an riosca sistéimeach a laghdú, tríd an úsáid a bhaintear as CPLanna sábháilte fónta a leathnú amach chun conarthaí díorthacha thar an gcuntar a imréiteach, lena n-áirítear cásanna ina bhfuil na CPLanna sin bunaithe agus údaraithe i dtríú tír.

(2) Chun go measfaí córas dlí tríú tír a bheith coibhéiseach le córas dlí an Aontais i ndáil le CPLanna, ba cheart toradh substainteach na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta is infheidhme a bheith coibhéiseach le ceanglais an Aontais i ndáil leis na cuspóirí rialála a mbaintear amach leis na socruithe sin. Dá bhrí sin, is é is aidhm don mheasúnú coibhéise sin a fhíorú an áirithítear le socruithe dlíthiúla agus maoirseachta an tríú tír lena mbaineann nach ndéanann na CPLanna atá bunaithe agus údaraithe ansin comhaltaí imréitigh agus ionaid trádála atá bunaithe san Aontas a fhágáil ar neamhchosaint ar leibhéal riosca is airde ná an leibhéal ar a bhféadfadh CPLanna atá údaruithe san Aontas iad a fhágáil ar neamhchosaint agus, dá bhrí sin, nach mbaineann leibhéil riosca sistéimigh leo atá doghlactha san Aontas.

(3) Dá bhrí sin, an measúnú an bhfuil socruithe dlíthiúla agus maoirseachta Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM) coibhéiseach le socruithe an Aontais, ba cheart é a bhunú ní hamháin ar anailís chomparáideach ar na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí, ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir le CPLanna i SAM, ach ina theannta sin ar mheasúnú ar thoradh na gceanglas sin, agus ar a leordhóthanacht maidir leis na rioscaí a mhaolú ar a bhfhéadfadh comhaltaí imréitigh agus ionaid trádála atá bunaithe san Aontas a bheith ar neamhchosaint.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 25(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, socruithe dlíthiúla agus maoirseachta tríú tír maidir le CPLanna atá údaraithe inti, is gá trí choinníoll a chomhlíonadh chun a chinneadh go bhfuil siad coibhéiseach leis na socruithe a leagtar síos sa Rialachán sin.

(5) De réir an chéad choinnill, ní mór do CPLanna atá údaraithe i dtríú tír ceanglais a chomhlíonadh atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

(6) Is é an U.S. Securities and Exchange Commission ("SEC") an t-údarás inniúil maidir le CPLanna a údarú agus a mhaoirsiú i ndáil le hidirbhearta in urrúis agus i gconarthaí díorthacha atá bunaithe ar urrús aonair, ar iasacht aonair, nó ar ghrúpa nó innéacs caolbhunaithe urrús ("díorthaigh urrús-bhunaithe"). Dá bhrí sin, na conarthaí díorthacha a thagann faoi inniúlacht SEC, comhfhreagraíonn siad d'fhothacar de na conarthaí díorthacha a chumhdaítear leis na forálacha maidir le CPLanna a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Is faoi inniúlacht an U.S. Commodity Futures Trading Commission ("CFTC") a thagann conarthaí díorthacha eile, rud ar ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/377 ón gCoimisiún ([2]) i ndáil leis cheana. Dá bhrí sin, is le coibhéis na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta is infheidhme i SAM maidir CPLanna a ndéanann SEC maoirseacht orthu a bhaineann an measúnú atá i gceist, agus ní le socruithe dlíthiúla agus maoirseachta maidir le CPLanna a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh a thagann faoi inniúlacht CFTC. Dá bhrí sin, i gcás ina ndéanann SEC agus CFTC araon maoirseacht ar CPL, níor cheart go mbainfeadh an Cinneadh seo leis an CPL sin ach a mhéid a sholáthraíonn sé seirbhísí imréitigh a thagann faoi inniúlacht SEC.

(7) Na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí agus a bhfuil feidhm acu i SAM maidir le CPLanna a dhéanann SEC a mhaoirsiú, leagtar amach iad sna rialacha is infheidhme maidir le "gníomhaireachtaí imréitigh' atá sa Securities Exchange Act of 1934 ([3]) (Acht 1934 um Mhalartú Urrús, "an tAcht um Mhalartú"), sa Dodd-Frank Wall Street Reform and Consumer Protection Act ([4]) (Acht Dodd-Frank um Wall Street a Athchóiriú agus Cosaint Tomhaltóirí, "Acht Dodd-Frank") agus sna rialacháin a ghlac SEC faoi na hachtanna sin. Thairis sin, na rialacha, na beartais agus na nósanna imeachta maidir le CPLanna a chláraigh SEC, tá siad ceangailteach ar an CCP ó thaobh dlí. An 1 Deireadh Fómhair 2020, d'eisigh SEC Tuarascáil Foirne ina ndéantar cur síos ar na rialacha is infheidhme agus an fheidhm atá acu maidir le CPLanna a ndéanann SEC maoirseacht orthu ([5]).

(8) Is é sainmhíniú SEC ar CPLanna gur gníomhaireachtaí imréitigh iad a idirchuireann iad féin idir contrapháirtithe, ag gníomhú dóibh mar cheannaitheoir do gach díoltóir agus mar dhíoltóir do gach ceannaitheoir. I Roinn 23(A) den Securities Exchange Act of 1934, sainmhínítear an téarma "gníomhaireacht imréitigh" mar aon duine a ghníomhaíonn mar idirghabhálaí i ndéanamh íocaíochtaí nó seachadtaí, nó i ndéanamh an dá rud, i ndáil le hidirbhearta in urrúis, nó aon duine a sholáthraíonn saoráidí chun comparáid a dhéanamh idir sonraí maidir le téarmaí socraíochta idirbheart urrús, ionas go laghdaítear an líon socraíochtaí is cuid d'idirbhearta urrús, nó saoráidí chun freagrachtaí socraíochta urrús a leithdháileadh.

(9) Féadfaidh SEC gníomhaireachtaí imréitigh a ainmniú mar ghníomhaireachtaí imréitigh a bhfuil próifíl riosca níos casta acu. CPL a imréitíonn babhtálacha urrúsbhunaithe, meastar i gcónaí go bhfuil próifíl riosca níos casta aige. Thairis sin, an Financial Stability Oversight Council (Comhairle Maoirseachta na Cobhsaíochta Airgeadais), féadfaidh sé CPL a ainmniú mar CPL a bhfuil tábhacht shistéamach leis de bhun Acht Dodd-Frank. Na CPLanna sin a bhfuil próifíl riosca níos casta acu nó a bhfuil tábhacht shistéamach leo, meastar gur "gníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe" iad. An creat feabhsaithe a leagtar síos i Riail SEC 17Ad-22(d) agus (e), tá feidhm aige maidir leis na CPLanna sin. Ceanglais na Stát Aontaithe atá ceangailteach ó thaobh dlí a bhfuil feidhm acu maidir le CPLanna agus nach mór dóibh na rialacha feabhsaithe sin a chomhlíonadh, ní bhaineann an Cinneadh seo ach lena gcoibhéis siúd.

(10) De réir an Achta um Malartú, Acht Dodd-Frank agus rialacháin SEC, CPL a imréitíonn urrúis nó díorthaigh urrúsbhunaithe, rud a dtagraítear dó san acht sin mar bhabhtálacha urrúsbhunaithe, ceanglaítear air clárú le SEC nó díolúine a lorg ó chlárú.

(11) Na ceanglais a leagtar síos san Acht um Mhalartú, ní fhorordaítear uirlisí ná socruithe sonracha san acht céanna maidir le conas iad a bhaint amach. Na saintréithe agus na sainchúinsí atá ag CPL, ar nós a chuid struchtúr úinéireachta agus rialachais, a chuid éifeachtaí ar rannpháirtithe díreacha agus indíreacha, cineál a mball, na margaí ar a bhfreastlaíonn sé agus na rioscaí a bhaineann leis na táirgí a imréitíonn sé, cé gur féidir le CPL iad sin a chur san áireamh agus a chuid rialacha agus nósanna imeachta á leagan síos aige, ní mór do na rialacha agus na nósanna imeachta sin sonraí saintreoracha a chur ar fáil maidir leis an gcaoi a gcomhlíonfaidh sé na ceanglais a leagtar síos san Acht um Mhalartú. Tar éis do SEC iad a chlárú, na rialacha, na beartais agus na nósanna imeachta a fhormheasann SEC, beidh siad ceangailteach ó thaobh dlí ar an CPL.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/377 ón gCoimisiún an 15 Márta 2016 maidir leis an gcoibhéis idir creat rialála Stáit Aontaithe Mheiriceá i ndáil le contrapháirtithe lárnacha a dhéanann an Commodity Futures Trading Commission a údarú agus a mhaoirsiú agus ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2016, lch. 32).

([3]) Roinn 3(a)(23) agus 17A.

([4]) Teidil VII agus VIII.

([5]) Staff Report on the Regulation of Clearing Agencies by Division of Trading and Markets Office of Compliance Inspections and Examinations, https://www.sec.gov/files/regulation-clearing-agencies-100120.pdf.

(12) A luaithe a chláraíonn SEC é, déantar "eagraíocht féinrialála" den CPL faoi Roinn 3(a)26 den Acht um Malartú agus ní mór dó, dá réir sin, aon athrú rialach a chomhdú le SEC lena fhormheas. Fíoróidh SEC go bhfuil an t-athrú rialach atá beartaithe comhsheasmhach leis na caighdeáin a leagtar síos san Acht um Malartú agus i rialacháin SEC.

(13) Na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí i SAM i ndáil le CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe, is struchtúr dhá shraith atá iontu. Is éard atá sa chéad sraith na rialacha agus na ceanglais phríomhúla a leagtar síos i Roinn 3a(23) agus 17A den Acht um Malartú, i dTeidil VII agus VIII do Acht Dodd-Frank, agus i rialacháin SEC, go háirithe Riail 17Ad-22 ("rialacha príomhúla"). Is éard atá sa dara sraith rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha na CPLanna sin, nithe a bhíonn ceangailteach ó thaobh dlí ar na CPLanna a luaithe a chláraíonn SEC iad agus, dá bhrí sin, ar cuid iad de na rialacha a ndéanann SEC maoirseacht ar a gcomhlíonadh. Agus é á mheas ag an gCoimisiún an gcomhlíonann CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe, an gcomhlíonann siad ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ní mór dó breithniú a dhéanamh ar na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí a leagtar síos i rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha na CPLanna sin, agus breithniú a dhéanamh ina theannta sin ar na ceanglais a leagtar síos san Acht um Mhalartú, in Acht Dodd-Frank agus i rialacháin SEC.

(14) Chun go gcláróidh SEC é, CPL atá cáilithe mar ghníomhaireacht imréitigh cumhdaithe, agus na rialacha inmheánacha atá aige, ní mór dóibh na caighdeáin ardleibhéil a leagtar amach sna rialacha príomhúla a shásamh. Na ceanglais sin, agus iad comhlánaithe ag rialacha agus nósanna imeachta an CPL, bíonn torthaí substainteachta orthu atá coibhéiseach le héifeachtaí na rialacha a leagtar síos i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Go háirithe, CPL atá cáilithe mar ghníomhaireacht imréitigh cumhdaithe, ní mór dó ceanglais a chomhlíonadh i ndáil lena struchtúr agus a rialacha eagraíochtúla chun imréiteach agus socraíocht chruinn phras na n-urrús agus na gcistí atá faoina rialú, chomh maith lena gcoimirciú, chun an méid sin a áirithiú, agus chun cosaint infheisteoirí agus cosaint leas an phobail a áirithiú; leis na ceanglais sin, áirítear ceanglais ar nós iad sin a bhaineann leis an mbainistíocht shinsearach, bainistiú riosca agus sásraí rialaithe inmheánaigh, taifid a choimeád, sealúchais cháilitheacha, faisnéis a tharchuirtear chuig an údarás inniúil, coimhlintí leasa, an leanúnachas gnó, an seachfhoinsiú, déanamh gnó, agus an leithscaradh, chomh maith leo sin a bhaineann leis an riosca leachtachta, an chomhthaobhacht, an beartas infheistíochta, agus an riosca socraíochta. Baineann ceanglais eile leis na coinníollacha rannpháirtíochta agus le táillí, agus leis na rialacha maidir le sáruithe a dhéanann rannpháirtithe ar rialacha an CPL a smachtú.

(15) Mar sin féin, na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí agus is infheidhme maidir le CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe, tá roinnt gnéithe díobh éagsúil leis na rialacha i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(16) Ar an gcéad dul síos, leis na rialacha príomhúla i ndáil le rioscaí leachtachta ní cheanglaítear ar CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe acmhainní leachtachta incháilithe a choimeád chun an "prionsabal cumhdaigh péire" a leagtar síos in Airteagal 44 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a chomhlíonadh, is é sin an dá chomhalta imréitigh is mó a bhfuil CPL neamhchosanta orthu, acmhainní leachtachta a bheith aige chun mainneachtain an dá chomhalta sin a chumhdach ar a laghad. Mar sin féin, sna Stáit Aontaithe, CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe, ceanglaítear orthu nósanna imeachta a chur ar bun chun aon easnamh leachtachta neamhchumhdaithe a chumhdach, rud lena n-áirithítear go mbeidh acmhainní saintiomanta ar fáil i gcás ina sáróidh caillteanais mainneachtain an chomhalta imréitigh is mó a bhfuil an CPL neamhchosanta air. Ina theannta sin, leis na rialacha príomhúla ceanglaítear ar CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh an "prionsabal cumhdach péire" a chur i bhfeidhm i gcás ina n-imréitíonn siad díorthaigh urrúsbhunaithe. Cé gur cur chuige difriúil é sin seachas an 'prionsabal cumhdaigh péire' a leagtar síos in 42, 43 agus 44 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, na rialacha príomhúla i dteannta le rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha na CPLanna, bíonn torthaí substainteacha orthu atá coibhéiseach le héifeachtaí an "phrionsabail cumhdaigh péire" a leagtar síos i rialacha an Aontais.

(17) Ar an dara dul síos, ní dhéantar foráil sna rialacha príomhúla maidir le híostréimhse leachtaithe. Mar sin féin, na CPLanna ar fad atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe, cuireann siad íostréimhsí leachtaithe i bhfeidhm a mhaireann idir 2 lá agus 5 lá i gcomhréir lena rialacha agus a nósanna imeachta inmheánacha. I rialacha an Aontais leagtar amach íostréimhse leachtaithe 2 lá le haghaidh conarthaí díorthacha nach le díorthaigh thar an gcuntar a bhaineann siad, agus íostréimhse leachtaithe 5 lá le haghaidh conarthaí díorthacha thar an gcuntar, agus is ar bhonn glanluachála a bhailítear an éarlais de ghnáth. Dá bhrí sin, na torthaí substainteacha a bhíonn ar rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha na CPLanna, tá siad coibhéiseach le héifeachtaí rialacha an Aontais maidir le tréimhsí leachtaithe.

(18) Ar an tríú dul síos, ceanglaítear le dlí an Aontais go gcuirtear ceann amháin ar a laghad de thrí bheart frith-chomh-thimthriallachta i bhfeidhm chun a áirithiú nach dtitfidh éarlaisí tosaigh ró-íseal le linn tréimhsí cobhsaí eacnamaíocha agus nach dtiocfaidh méadú orthu go rite le linn tréimhsí struis. Agus sin á dhéanamh leo, is é an toradh a bhíonn ar na bearta sin go mbíonn éarlais cobhsaí coimeádacha ann. Níl aon cheanglas sonrach den sórt sin sna rialacha príomha. Mar sin féin, CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe, tá rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha i bhfeidhm acu lena mbaineann éifeachtaí frith-chomh-thimthriallacha. Dá bhrí sin, na torthaí substainteacha a bhíonn ar rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha na CPLanna, tá siad coibhéiseach le héifeachtaí rialacha an Aontais maidir leis an bhfrith-chomh-thimthriallacht.

(19) Ar deireadh, maidir le leithscaradh agus iniomparthacht suíomhanna agus comhthaobhachta de chuid cliaint comhaltaí imréitigh, ceanglaítear le Riail 17Ad-22(e)(14) go ndéantar le rialacha, beartais agus nósanna imeachta CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh atá cumhdaithe, go ndéantar leo suímh de chuid cliant comhaltaí imréitigh agus an chomhthaobhacht a bhaineann leis na suímh, a áirithiú gur slán dá leithscaradh agus dá n-iniomparthacht, agus iad a chosaint ar mhainneachtain nó leachtacht an chomhalta imréitigh sin i gcás ina n-imréitíonn na CPLanna sin díorthaigh urrúsbhunaithe nó ina bhfuil próifíl riosca níos casta acu – de bhrí go gceanglaítear amhlaidh léi, is Riail í sin lena mbaineann cur chuige is cosúil leis na rialacha i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. I gcás urrús airgid agus roghanna liostaithe, áfach, braitheann na rialacha príomhúla ar na rialacha is infheidhme maidir leis na comhaltaí imréitigh. Sna margaí sin, na rialacha is infheidhme maidir le comhaltaí imréitigh, áirithítear leo cheana an leibhéal iomchuí leithscartha agus iniomparthachta agus, dá bhrí sin, déantar suímh agus comhthaobhacht na gcliant a chosaint go leordhóthanach. Cé gur cur chuige éagsúil é sin maidir leis an leithscaradh agus iniomparthacht agus gur le leibhéal na gcomhaltaí imréitigh a bhaineann sé, seachas le leibhéal an CPL, an toradh a bhíonn ar an dá chur chuige maidir le cosaint cliant, is cosúil le chéile iad.

(20) Dá bhrí sin, socruithe dlíthiúla agus maoirseachta na Stát Aontaithe is infheidhme maidir le CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe, ba cheart a mheas go bhfuil siad coibhéiseach, ar choinníoll go gcomhlíonann rialacha agus nósanna imeachta CPL atá ag cur isteach ar aitheantas, go gcomhlíonann sé ceanglais áirithe i ndáil le bainistiú riosca. Go háirithe, ba cheart do CPL tréimhse leachtaithe 2 lá a chur i bhfeidhm i ndáil le conarthaí díorthacha nach le díorthaigh thar an gcuntar a bhaineann siad, agus tréimhse leachtaithe 5 lá a chur i bhfeidhm i ndáil le conarthaí díorthacha thar an gcuntar, agus sin a dhéanamh ar bhonn glanluachála sa dá chás. Thairis sin, ba cheart don CPL bearta a chur i bhfeidhm atá ceaptha chun an chomh-thimthriallacht a theorannú, bearta atá coibhéiseach le haon cheann de na trí bheart a leagtar amach faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le héarlaisí cobhsaí coimeádacha a chur ar fáil.

(21) Na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta de chuid SEC is infheidhme maidir le CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe agus arb éard atá iontu na ceanglais a leagtar síos san Acht um Mhalartú, in Acht Dodd-Frank, i Rialacháin SEC, agus i rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha na CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe, chinn an Coimisiún gur ceart na socruithe sin a mheas mar cheanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, a mhéid a chomhlíonann siad na caighdeáin a leagtar amach sa Chinneadh seo i ndáil le bainistiú riosca.

(22) Ní fhéadfaidh a bheith incháilithe le haghaidh aitheantas ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) ach CPLanna a dhéanann na rialacha is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe agus na caighdeáin maidir le bainistiú riosca a leagtar amach sa Chinneadh seo a chomhlíonadh. Na caighdeáin sin maidir le bainistiú riosca, ba cheart do ESMA a fhíorú, i gcomhréir le hAirteagal 25(2)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, gur cuid iad de rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha aon CPL atá á mhaoirsiú ag SEC agus a bhfuil iarratas á chur isteach aige ar aitheantas san Aontas. Go háirithe, ba cheart do ESMA a sheiceáil go gcuireann an CPL tréimhse leachtaithe 2 lá i bhfeidhm i ndáil le conarthaí díorthacha nach le díorthaigh thar an gcuntar a bhaineann siad agus go gcuireann sé tréimhse leachtaithe 5 lá i bhfeidhm i ndáil le conarthaí díorthacha thar an gcuntar, rud atá ar bhonn glanluachála sa dá chás, agus go gcuireann an CPL bearta i bhfeidhm atá ceaptha chun an chomh-thimthriallacht a theorannú, bearta atá coibhéiseach le haon cheann de na trí bheart a leagtar amach faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le héarlaisí cobhsaí coimeádacha a chur ar fáil.

(23) De réir Airteagal 25(6), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta i ndáil le CPLanna atá bunaithe i dtríú tír, ní mór foráil a dhéanamh leo maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú leanúnach i ndáil le CPLanna sa dlínse sin ar bhonn leanúnach.

(24) Déanann SEC faireachán leanúnach ar CPLanna atá faoina mhaoirseacht. Le cois na cumhachta atá aige athruithe rialacha a chomhdaíonn CPL cláraithe a athbhreithniú agus a fhormheas, tá cumhachtaí leathana ag SEC cóipeanna a iarraidh de leabhair agus de thaifid CPLanna, scrúduithe agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh chun rioscaí atá ann cheana agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a mheas, faireachán a dhéanamh ar an CPL i ndáil leis na rialacha is infheidhme maidir leis a chomhlíonadh, chomh maith le faireachán a dhéanamh ar fhormhaoireseacht an CPL maidir lena rannpháirtithe a chuid rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha a chomhlíonadh. Tá sé de chumhacht ag SEC athruithe ar rialacha agus ar nósanna imeachta a iarraidh agus féadfaidh sé caingne sibhialta a thionscnamh chun leigheasanna urghaire agus leigheasanna eile a fháil, nó imeachtaí riaracháin a thionscnamh i gcás ina sáraítear na rialacha is infheidhme. I gcás nach dtabharfar aghaidh ar easnaimh, féadfar gurb é an toradh a bheidh ar scrúdú SEC an clárú a chúlghairm. Tá feidhm ag na cumhachtaí sin freisin maidir le CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe.

(25) Dá bhrí sin, na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta maidir le CPLanna, lena n-áirítear iad siúd atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe, chinn an Coimisiún go ndéantar foráil leo maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach ar bhonn leanúnach.

(26) De réir Airteagal 25(6), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, socruithe dlíthiúla agus maoirseachta tríú tír, ní mór córas coibhéiseach éifeachtach a chuimsiú iontu maidir le haitheantas a thabhairt do CPLanna atá údaruithe faoi chórais dlí tríú tír ("CPLanna tríú tír").

(27) CPLanna nach contrapháirtithe de chuid na Stát Aontaithe iad, féadfaidh siad iarratas a chur chuig SEC ar chlárú mar "ghníomhaireacht imréitigh". Go dtí seo, d'éiligh SEC an clárú sin, nó diolúine ó chlárú, i gcás seirbhísí imréitigh i ndáil le hurrúis de chuid na Stát Aontaithe a sholáthraítear do shaoránaigh de na Stáit Aontaithe, nó seirbhísí imréitigh i ndáil le babhtálacha urrúsbhunaithe.

(28) CPLanna nach CPLanna de chuid na Stát Aontaithe iad agus atá cláraithe le SEC, ní mór dóibh na ceanglais ábhartha de chuid na Stát Aontaithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear rialacháin de chuid SEC is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí imréitigh cláraithe atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe. Mar sin féin, leis an Acht um Malartú deonaítear údarás díolmhaithe forleathan do SEC. Faoi Roinn 17A(b)(1) den Acht um Malartú, féadfaidh SEC faoiseamh díolmhaithe a sholáthar maidir le ceanglais rialála má bhíonn sé ag teacht le leas an phobail, cosaint infheisteoirí, agus críocha Roinn 17A den Acht um Malartú, lena n-áirítear idirbhearta urrús a imréiteach agus a shocrú go cruinn pras, agus urrúis agus cistí a chosaint. Faoi Roinn 36 den Acht sin, aon duine, urrús nó idirbheart, nó aon aicme nó aicmí daoine, urrús nó idirbheart, féadfaidh SEC, go coinníollach nó go neamhchoinníollach, iad a dhíolmhú ó fhorálacha de chuid an Achta um Malartú nó de chuid rialacha nó rialacháin faoin acht sin a mhéid is riachtanach nó is iomchuí an diolúine sin ar mhaithe le leas an phobail, agus atá an diolúine ag teacht le cosaint infheisteoirí. Ina theannta sin, faoi Roinn 17A(k) den Acht um Malartú, clárú mar ghníomhaireacht imréitigh chun bheith in ann babhtálacha urrúsbhunaithe a imréiteach, féadfaidh SEC diolúine uaidh sin a dheonú, go coinníollach nó go neamhchoinníollach, má chinneann sé go bhfuil an ghníomhaireacht imréitigh faoi réir maoirseacht agus rialú inchomparáide agus cuimsitheach ag na húdaráis rialtais is iomchuí i dtír bhaile na gníomhaireachta imréitigh.

(29) Tá ráiteas agus treoir bheartais ([6]) eisithe ag SEC atá dírithe chuig CPLanna atá údaraithe san Aontas. Tá achoimre ardleibhéil sa ráiteas beartais maidir leis an gcreat dlíthiúil a bhfuil feidhm aige maidir le CPLanna atá cláraithe le SEC, agus mínítear ann an próiseas chun iarratas a dhéanamh ar chlárú agus ar dhíolúintí. Tá samplaí ann freisin den chaoi ar chuir SEC a chumhachtaí díolmhaithe i bhfeidhm ionas go seachnódh sé ceanglais a fhorchur atá neamhriachtanach, atá dúblálach, nó nach bhfuil comhsheasmhach le ceanglais is infheidhme maidir le CPL i ndlínse bhaile, i gcás ina bhfuil creat na dlínse sin comhsheasmhach i gcoitinne leis na Prionsabail maidir le Bonneagar an Mhargaidh Airgeadais (PFMIanna) a d'eisigh an Coiste ar Chórais Íocaíochta agus Socraíochta agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús. Thairis sin, leagtar amach sa ráiteas agus treoir bheartais na himthosca a ndéanfaidh SEC breithniú orthu agus iarrataí ar dhíolúintí á meas acu, agus mínítear ann go mbreithneoidh SEC a mhéid atá CPL faoi réir maoirseacht agus forfheidhmiú iomchuí ag an údarás inniúil náisiúnta a dhéanann maoirseacht ar an CPL nó ag údaráis ábhartha eile ina dhlínse baile. Ar an mbonn sin, agus faoi réir mheasúnú agus chinneadh SEC go bhfuil an díolúine i gcomhréir leis an Acht um Malartú, féadfaidh SEC diolúine a dheonú do CPL lasmuigh de na Stáit Aontaithe chun a sheachaint go gcuirfí ceanglas de chuid SEC i bhfeidhm atá neamhriachtanach, atá dúblálach, nó nach bhfuil comhsheasmhach leis na ceanglais a leagtar síos i rialacha agus rialacháin is infheidhme maidir leis an CPL ina dhlínse bhaile – an bealach a bhféadfaidh SEC an diolúine sin a dheonú, tá sé inchomparáide leis an gcóras coibhéiseach maidir le haitheantas a thabhairt do CPLanna tríú tír a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(30) Chinn an Coimisiún dá bhrí sin go ndéantar foráil le socruithe dlíthiúla agus maoirseachta SEC maidir le córas coibhéiseach éifeachtach chun aitheantas a thabhairt do CPLanna tríú tír.

([6]) Ráiteas i ndáil le contrapháirtithe lárnacha atá údaraithe faoin Rialachán maidir le Bonneagar na Margaí Eorpacha a bheith ag féachaint le clárú mar ghníomhaireacht imréitigh nó le díolúintí a iarraidh ó cheanglais áirithe faoin Securities Exhange Act of 1934), [Eisiúint Uimh. 34-90492], a eisíodh an 30 Samhain 2020.

(31) Dá bhrí sin, na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta is infheidhme sna Stáit Aontaithe maidir le CPLanna nach mór dóibh na rialacha is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe a chomhlíonadh agus atá cláraithe agus faoi mhaoirseacht ag SEC, meastar go gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 25(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, agus ba cheart a mheas go bhfuil na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta sin coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(32) Na rialacha is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe an tráth a nglacfar an Cinneadh seo, is ar na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí sna Stáit Aontaithe maidir le CPLanna nach mór dóibh na rialacha sin a chomhlíonadh atá an Cinneadh seo bunaithe. Ba cheart don Choimisiún, i gcomhar le ESMA, faireachán a dhéanamh go rialta ar éabhlóid an chreata dhlíthiúil agus maoirseachta is infheidhme sna Stáit Aontaithe maidir leis na CPLanna sin agus ar chomhlíonadh na gcoinníollacha arb iad is bonn do ghlacadh an Chinnidh seo.

(33) Gach 3 bliana ar a laghad, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na forais ar glacadh an Cinneadh seo, lena n-áirítear na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta is infheidhme sna Stáit Aontaithe maidir le CPLanna nach mór dóibh na rialacha is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe a chomhlíonadh, agus atá cláraithe agus faoi mhaoirseacht ag an SEC. Tá na hathbhreithnithe rialta sin gan dochar do chumhacht an Choimisiúin tabhairt faoi athbhreithniú sonrach tráth ar bith i gcás ina bhfágfaidh forbairtí ábhartha gur gá don Choimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar an gcinneadh a dhéantar leis an gCinneadh seo. Bunaithe ar na torthaí a thiocfaidh as athbhreithniú rialta nó sonrach, féadfaidh an Coimisiún an Cinneadh seo a leasú nó a aisghairm tráth ar bith, go háirithe i gcás ina mbeidh forbairtí i gceist a dhéanfaidh difear do na coinníollacha arb iad is bonn do ghlacadh an Chinnidh seo.

(34) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Eorpach um Urrúis,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na rialacha is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe a leagtar síos i Ranna 3(a)(23) agus 17A den Securities Exchange Act of 1934, i dTeidil VII agus VIII den Dodd-Frank Wall Street Reform and Consumer Protection Act agus i rialacháin a ghlac an U.S. Securities and Exchange Commission faoi na hachtanna sin, chun críocha Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 measfar socruithe dlíthiúla agus maoirseachta Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le contrapháirtithe lárnacha (CPLanna) nach mór dóibh na rialacha sin a chomhlíonadh, measfar iad a bheith coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i gcás ina gcuimsítear i rialacha agus nósanna inmheánacha CPL den sórt sin bearta sonracha bainistithe riosca lena n-áirithítear gur ar bhonn na bparaiméadar a leanas a ríomhtar agus a bhailítear éarlaisí tosaigh:

(a) i gcás conarthaí díorthacha a dhéantar ar mhargaí rialáilte, tréimhse leachtaithe 2 lá a ríomhtar ar bhonn glanluachála;

(b) i gcás conarthaí díorthacha thar an gcuntar, tréimhse leachtaithe 5 lá arna ríomh ar bhonn glanluachála;

(c) i gcás gach conartha díorthaigh, bearta atá ceaptha chun an chomh-thimthriallacht a theorannú atá coibhéiseach le ceann amháin ar laghad de na nithe seo a leanas:

(i) bearta lena gcuirtear maolán éarlaise i bhfeidhm is ionann agus an méid seo a leanas ar a laghad – 25 % de na héarlaisí ríofa a cheadaíonn an contrapháirtí lárnach a bheith ídithe go sealadach le linn tréimhsí ina bhfuil méadú suntasach ag teacht ar cheanglais éarlaise ríofa;

(ii) bearta lena sanntar meáchan 25 % ar a laghad do bharúlacha a thugtar faoi strus le linn na tréimhse aisamhairc;

(iii) bearta lena n-áirithítear nach mbíonn ceanglais éarlaise níos ísle ná na ceanglais a ríomhfaí i gcás ina n-úsáidfí luaineacht a measadh thar thréimhse 10 mbliana aisamhairc stairiúil.

Airteagal 2

Na forais ar a ndearnadh an cinneadh faoi Airteagal 1, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú orthu faoin Airteagal seo tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, agus ansin tráth nach déanaí ná 3 bliana ina dhiaidh sin arís, agus mar sin de feasta.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Eanáir 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN